

# LEABHRÁN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ

LÉIGH GO CÚRAMACH

**Oifigeach Feidhmiúcháin, Gnóthaí Tomhaltóirí**  
**An tÚdarás Árachas Sláinte**

**Dáta Deiridh: 12pm meán lae Dé Luain an 10 Nollaig 2018**

Is fostóir comhdheiseanna é an tÚdarás Árachas Sláinte.

---

## Clár Ábhar

Faisnéis Chúlra .....	3
Feidhmeanna Reachtúla .....	3
An Ról .....	5
Oideachas, Riachtanais agus Inniúlachtaí .....	5
Príomhchoinníollacha Seirbhíse.....	6
Teideal.....	6
Leibhéal .....	6
Ginearálta.....	6
Pá.....	6
Tionacht .....	6
Ceanncheathrú.....	7
Uaireanta freastail .....	7
Saoire Bhliantúil .....	7
Saoire Bhreiteachta.....	7
Aoisliúntas agus Scor.....	7
Asbhaint a Bhaineann le Pinsean .....	7
An Próiseas Comórtais .....	10
Conas Iarratas a Dhéanamh .....	10
Dáta Deiridh .....	10
Rúndacht .....	10
Oibleagáidí Iarrthóirí .....	10

## Faisnéis Chúlra

Is rialálaí neamhspleách don mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn é an tÚdarás Árachas Sláinte (“an tÚdarás”). Bunaíodh an tÚdarás an 1 Feabhra 2001 faoin Acht Árachais Sláinte, 1994 (arna leasú) (na hAchtanna Árachais Sláinte). Comhlíonann an tÚdarás na feidhmeanna reachtúla a leagtar amach sna hAchtanna, mar a chuirtear síos orthu sa doiciméad seo.

### Feidhmeanna Reachtúla

Tar éis achtú “an Tríú Treoir um Árachas Neamhshaoil” ón Aontas Eorpach, foráiltear leis na hAchtanna Árachais Sláinte do ghnó árachais sláinte phríobháidigh a rialáil. Leagtar amach sa Treoir seo ceanglais an mhargaidh inmheánaigh do Bhallstáit i dtaobh árachas neamhshaoil, lena n-áirítear árachas saoil. Ligeann an reachtaíocht Eorpach seo do Bhallstát aonair glacadh leis na ceanglais faoi leith sa tslí is cuí dá gcóras náisiúnta dlíthiúil féin agus dá gcóras cúram sláinte féin.

Leagtar amach príomhchuspóir an Údaráis sna hAchtanna Árachais Sláinte:

*“Is é príomhchuspóir an Achta seo a chinntiú go bhfuil, ar mhaithe le leas an phobail agus ar fud an mhargaidh árachais sláinte, rochtain ar chumhdach árachais sláinte ar fáil do thomhaltóirí seirbhísí sláinte gan aon idirdhealú á dhéanamh eatarthu (cibé acu is trí chreidmheasanna um chothromú fiontar nó trí bhearta dleachta stampa nó trí bhearta eile, nó trí aon teaghlaim díobh sin a chuirtear in éifeacht é), go háirithe maidir le costais seirbhísí sláinte, bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar stádas fiontar sláinte, ar aois nó ar ghnéas, aon tomhaltóirí den sórt sin nó aon aicme tomhaltóirí den sórt sin nó ar cé chomh minic a dhéantar seirbhísí sláinte a sholáthar don chéanna, agus á chur i gcuntas go háirithe chun críocha an chuspóra sin–*

- a) go méadaíonn ar riachtanais sláinte tomhaltóirí seirbhísí sláinte de réir mar is laige sláinte iad, lena n-áirítear de réir mar a dhruideann an tseanaois leo agus a thagann an tseanaois orthu,*
- b) a inmhianaithe atá sé a chinntiú, ar mhaithe leis an dlúthpháirtíocht sochaí agus idirghlúine, agus gan féachaint do stádas fiontar sláinte, nó d’aois, aon ghlúine ar leith (ná aon chuid di) nó do cé chomh minic a dhéantar seirbhísí sláinte a sholáthar don chéanna, go ndéanfadh daoine árachaithe ualach costas seirbhísí sláinte a chomhroinnt eatarthu trí shocrú a dhéanamh maidir le fóirdheontas costais idir na daoine is láidre sláinte agus na daoine is laige sláinte, lena n-áirítear idir daoine óga agus daoine aosta, agus, gan dochar do ghinearáltacht an chuspóra sin, go mbeidh rochtain, go háirithe, ag na daoine is laige sláinte, lena n-áirítear daoine aosta, ar chumhdach árachais sláinte trí chreidmheasanna um chothromú fiontar,*
- c) an modh ina n-oibríonn an margadh árachais sláinte i leith conarthaí árachais sláinte, i ndáil le gnóthais chláráithe aonair agus ar fud an mhargaidh, agus*

*d) a thábhachtaí atá sé gnóthais chláraithe a chur ó bheith ag gabháil do chleachtais, nó ó chonarthaí árachais sláinte a thairiscint, cibé tríd an margadh árachais sláinte a dheighilt (trí cibé sás) nó ar shlí eile, a mbeidh mar chuspóir acu nó mar éifeacht leo fabhar a thabhairt do chumhdach a dhéanamh ag na gnóthais ar fhiontair árachais sláinte na ndaoine is láidre sláinte lena n-áirítear daoine óga, ar chumhdach a dhéanamh ar fhiontair árachais sláinte na ndaoine is laige sláinte, lena n-áirítear daoine aosta.”*

Is é atá i gceist le rátáil phobail ná bearta a chuirtear i bhfeidhm, go hiomlán nó go páirteach, d’fhonn an príomhchuspóir a bhaint amach.

Is iad seo a leanas feidhmeanna an Údaráis:

- Faireachán a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte agus comhairle a thabhairt don Aire (ar iarratais uaidh nó uaithe, nó ar a thionscnamh féin) i dtaobh cúrsaí árachais sláinte;
- Faireachán a dhéanamh ar oibriú na nAchtanna Árachais Sláinte agus, nuair is cuí, fógraí forfheidhmiúcháin a eisiúint chun comhlíonadh na nAchtanna a fhorfheidhmiú;
- Feidhmeanna áirithe a chur i gcrích maidir le dleacht stampa árachais sláinte agus le creidmheasanna cánach a bhaineann le haois agus maidir le haon scéim um chothromú fiontar a d’fhéadfaí a thabhairt isteach;
- Cibé gníomh is cuí leis a dhéanamh chun feasacht daoine den phobal a mhéadú maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- “Clár na nGnóthas Sochar Sláinte” agus “Clár na gConarthaí Árachais Sláinte” a choimeád ar bun.

Beidh na cumhachtaí riachtanacha á bhfeidhmiú ag an Údarás maidir le feidhmíocht a chuid feidhmeanna. Féadfaidh an tAire Sláinte (“an tAire”) freagrachtaí breise a thabhairt don Údarás mar a fhoráiltear sna hAchtanna.

# An Ról

Fostaíonn an tÚdarás 11 duine agus tá buiséad measta is fiú thart ar €2 mhilliún aige don bhliain 2018. Mar chomhlacht poiblí, tá beartais phearsanra agus rialachais chorparáidigh an Údaráis bunaithe orthu sin atá i bhfeidhm sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí go ginearálta.

Agus tú ag tuairisciú don Cheann Gnóthaí Rialála, oibreoidh tú mar chuid d'fhoireann bheag a bheidh comhdhéanta de thriúr agus a thabharfaidh freagra ar cheisteanna agus gearáin ó thomhaltóirí ar an bhfón, trí ríomhphost, trí litir agus go pearsanta maidir le hárachas sláinte príobháidí agus le cearta tomhaltóirí. Áireofar leis na príomhdhualgais freisin suíomh Gréasáin an Údaráis a choinneáil cothrom le dáta agus ábhartha do thomhaltóirí agus anailís a dhéanamh ar tháirgí árachas sláinte agus ar an áit mhargaidh. Tá an tÚdarás ag lorg duine aonair atá tiomanta agus a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí chuí aige/aici chun tabhairt faoi ról an Oifigigh Feidhmiúcháin, Gnóthaí Tomhaltóirí.

## **Bunriachtanais**

### **Oideachas**

Beidh na nithe seo a leanas ag an iarrthóir rathúil:

- Cáilíocht tríú leibhéal ag leibhéal 7 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí;  
**nó**
- grád D ar a laghad ag Gnáthleibhéal (nó Pas) i Matamaitic agus i nGaeilge nó i mBéarla i Scrúdú na hArdteistiméireachta, agus grád C ar a laghad i gcúig ábhar ar a laghad i bpáipéir Ardleibhéil (nó Onóracha); agus
- Cáilíocht ghairmiúil in árachas agus taithí 3 bliana ar a laghad ar obair sa tionscal árachais.

### **Riachtanais agus Inniúlachtaí**

Beidh na nithe seo a leanas freisin ag an iarrthóir is fearr:

- An t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá riachtanach chun an ról a chur i gcrích;
- Taithí shuntasach ar dhéileáil le tomhaltóirí;
- Scileanna láidre eagrúcháin, idirphearsanta agus cumarsáide ó bhéal agus i scríbhinn;
- Taithí ar MS Office, go háirithe MS Outlook, MS Excel agus MS Word;
- Scileanna láidre anailíse agus eagrúcháin;
- An cumas chun obair ar a t(h)ionscnamh féin; agus
- Na hinniúlachtaí atá leagtha amach in Aguisín 1.

## Príomhchoinníollacha Seirbhíse

### Teideal

Oifigeach Feidhmiúcháin, Gnóthaí Tomhaltóirí

### Leibhéal

Oifigeach Feidhmiúcháin

### Ginearálta

Is chuig post leis an Údarás Árachas Sláinte atá an ceapachán.

### Pá

Is é seo a leanas an scála tuarastail don phost (tá na rátaí in éifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018 i leith):

### **Oifigeach Feidhmiúcháin, Gnóthaí Tomhaltóirí (Oifigeach Feidhmiúcháin) – Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin**

€29,316 €31,329 €32,460 €34,364 €36,071 €37,720 €39,364 €40,974 €42,600  
€44,181 €45,812 €46,891 €48,427(LSI-1) €49,960(LSI-2)

Is féidir go mbeidh Breisíochtaí Fadseirbhíse iníoctha tar éis seirbhís shásúil 3 bliana (LSI-1) agus 6 bliana (LSI-2) ag an uasphointe den scála.

### **Nóta Tábhachtach**

Is ag bun an scála a thosófar agus ní bheidh an ráta luach saothair faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar é a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

### Tionacht

Tá an ceapachán faoi réir foirceannadh am ar bith ag ceachtar taobh de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005. I gcás mí-iompar tromchúiseach, féadfar an fhostaíocht a fhoirceannadh am ar bith gan fógra agus gan phionós.

Beidh feidhm ag tréimhse phromhaidh 12 mhí.

### Ceanncheathrú

Oifig an Údaráis Árachas Sláinte i dTeach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6, D06 FC93.

### Uaireanta freastail

Seasfar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 43 huairé chomhlána sa tseachtain. Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham, de réir mar a fhéadfaidh a bheith réasúnach agus riachtanach le haghaidh chomhlíonadh ceart a c(h)uid dualgas faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos sna rialacháin ama oibre.

### Saoire Bhliantúil

Is é 23 lá an liúntas Saoire Bliantúla don phost. Méadaíonn sé go 24 lá tar éis seirbhís 5 bliana, go 25 lá tar éis seirbhís 10 mbliana, go 26 lá tar éis seirbhís 12 bhliain agus 27 lá tar éis seirbhís 14 bliana. Agus é faoi réir na gnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú san Údarás Árachas Sláinte, tá an liúntas sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí ar áireamh ann.

### Saoire Bhreiteachta

De réir fhorálacha na gCiorclán ábhartha maidir le saoire bhreiteachta don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí, íocfar pá le linn saoire bhreiteachta chuí-dheimhnithe ar bhonn pro rata, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse.

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ar ráta Aicme A sainordú a shíniú a thabharfaidh údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí sochair ar bith atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Údarás Árachas Sláinte. Beidh íocaíocht le linn na breiteachta faoi réir na héilimh riachtanacha a bheidh á ndéanamh ag an oifigeach ar shochar árachais shóisialta don Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh den teorainn riachtanach ama.

### Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí atá i réim sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a thairiscint don iarrthóir rathúil an tráth a thairgfear ceapachán.

### Asbhaint a Bhaineann le Pinsean

Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí le haghaidh Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí, féach an suíomh Gréasáin seo a leanas:

<http://www.per.gov.ie/pensions>.

### **FÓGRA TÁBHACHTACH**

**Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus de na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.**

## Aguisín 1

### Inniúlachtaí ag Leibhéal an Oifigigh Feidhmiúcháin

#### Eochairtháscairí Feidhmíochta

Bainistíocht Daoine	Téann sé/sí i gcomhairle leis an bhfoireann agus spreagann sé/sí rannpháirtíocht iomlán na foirne, agus plé oscailte cuiditheach ar shaincheisteanna oibre á spreagadh aige/aici
	Faigheann sé/sí an fheidhmíocht is fearr as daoine aonair agus as an bhfoireann, agus dea-fheidhmíocht á spreagadh aige/aici agus aghaidh á tabhairt aige/aici ar aon fhadhbanna feidhmíochta a d'fhéadfadh teacht chun cinn
	Is mór aige/aici forbairt daoine eile agus na foirne agus tacaíonn sé/sí léi sin
	Tugann sé/sí spreagadh agus tacaíocht do bhealaí nua agus níos éifeachtaí oibre
	Déileálann sé/sí le teannas laistigh den fhoireann ar bhealach cuiditheach
	Tugann sé/sí spreagadh don fhoireann aiseolas a thabhairt, éistean sé/sí leis an aiseolas sin agus gníomhaíonn sé/sí ar a bhonn chun feabhsuithe a dhéanamh
	Comhroinneann sé/sí faisnéis, eolas agus saineolas go gníomhach chun cabhrú leis an bhfoireann a cuspóirí a chomhlíonadh

Anailís agus Cinnteoireacht	Déileálann sé/sí le raon leathan foinsí faisnéise, agus gach saincheist ábhartha á n-imscrúdú aige/aici
	Tuigeann sé/sí an impleacht phraiticiúil atá ag faisnéis sa chomhthéacs leathan ina n-oibríonn sé/sí – nósanna imeachta, cuspóirí rannóige, etc.
	Déanann sé/sí príomh-shaincheisteanna agus príomhthreochtaí a shainaithint agus a thuiscint
	Déanann sé/sí faisnéis uimhriúil a bhaint agus a léiriú i gceart, agus ríomhanna uimhriúla beachta á ndéanamh aige/aici
	Tagann sé/sí ar chonclúidí beachta agus déanann sé/sí moltaí cothromaithe cothroma atá bunaithe ar fhianaise

Torthaí a Sholáthar	Glacann sé/sí úinéireacht ar thascanna agus tá sé/sí meáite ar iad a chur i gcrích go sásúil
	Tá sé/sí loighciúil agus pragmatach ó thaobh cur chuige de, agus cuspóirí á socrú aige/aici agus na torthaí is fearr is féidir á soláthar aige/aici leis na hacmhainní atá ar fáil trí bheartú tosaíochta éifeachtach
	Déanann sé/sí ceistiú cuiditheach ar chineálacha cur chuige reatha chun soláthar éifeachtúil na seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú
	Déanann sé/sí paraiméadair ama a mheas go beacht le haghaidh tionscadail, agus pleananna teagmhasacha á ndéanamh aige/aici chun bacainní a shárú
	Íoslaghdaíonn sé/sí earráidí, agus foghlaim á hathbheithniú aige/aici agus á chinntiú go bhfuil leigheasanna i bhfeidhm
	Uasmhéadaíonn sé/sí ionchur a f(h)oirne féin i soláthar éifeachtach torthaí a chinntiú
	Cinntíonn sé/sí go bhfuil nósanna imeachta/prótacail/athbheithnithe atá cuí maidir le soláthar seirbhíse i bhfeidhm agus curtha chun feidhme

# An Próiseas Comórtais

## Conas Iarratas a Dhéanamh

Ba cheart iarratais a dhéanamh ach ríomhphost a sheoladh chuig [info@hia.ie](mailto:info@hia.ie). Ba cheart d'iarratasóirí Curriculum Vitae agus Litir Chumhdaigh nach mó ná 1 leathanach ar fad a chur ar aghaidh.

## Dáta Deiridh

Ní mór d'iarratas a bheith curtha isteach tráth nach déanaí ná **12pm meán lae Dé Luain an 10 Nollaig 2018**. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta sin. Seolfar admháil i leith gach iarratais.

Is dócha go mbeidh na hagallaimh ar siúl i mí na Nollag.

## Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, caithfear le hiarratais i modh rún daingean.

## **Faisnéis thábhachtach eile**

Ní bheidh an tÚdarás Árachas Sláinte freagrach as aon chostais a thabhoídih iarrthóirí.

Ní thugann cead isteach duine chuig comórtas, cuireadh chun agallaimh ná litir toraidh rathúil le fios go nglacann an tÚdarás Árachas Sláinte leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais nó nach bhfuil sé/sí dícháilithe de réir dlí chun an post a shealbhú. Ní thugann sé dearbhú ach oiread go ndéanfar tuilleadh breithniúcháin ar iarratas an duine sin. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtugann tú faoi deara gur ortsa atá an dualgas a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais incháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalaíonn tú ar agallamh. Más rud é nach gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála sin agus go bhfreastalaíonn tú ar agallamh ina ainneoin sin, beidh tú ag tarraingt costas neamhriachtanach ort féin.

## Oibleagáidí Iarrthóirí

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofaí iad dá dtabharfadh siad faoi chanbhasáil agus nach mbeadh siad curtha san áireamh sa phróiseas dá bharr.

Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go místuama

- aon duine a chanbhasáil, trí aslú nó gan aslú
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith

### **Critéir shonracha iarrthóirí**

Ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu dualgais an phoist lena mbaineann a chomhlíonadh
- Bheith oiriúnach ar fhorais phearsantachta
- Bheith oiriúnach ar gach bealach ábhartha eile dá gceapadh chuig an bpost lena mbaineann;

agus, má éiríonn leo, ní cheapfar chun an phoist iad:

- Más rud é nach n-aontaíonn siad tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus nach nglacann siad leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais nó faoinar gá na dualgais a chomhlíonadh
- Mura bhfuil siad inniúil agus ar fáil go hiomlán chun tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus mura bhfuil siad lánábailta tabhairt fúthu.

### **Iarrthóireacht a mheas a bheith tarraingthe siar**

Glacfar leis go bhfuil a n-iarrthóireacht tarraingthe siar ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh ag an am agus san áit a éilíonn an tÚdarás Árachas Sláinte nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise atá de dhíth ar an Údarás Árachas Sláinte i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena n-iarrthóireacht.